



Is Fostóir Comhdheiseanna é Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Comórtas oscailte ceapacháin do ról mar:

Ceannasaí Teicniúil, Córais Dhigiteacha Leabharlainne

ar leibhéal an Innealtóra, Grád 2

i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: 3 i.n., an 28ú Lúnasa 2023

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do bheartas comhdheiseanna

Teagmháil: Aonad Acmhainní Daonna

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

4 SRÁID CHILL DARA,

BAILE ÁTHA CLIATH 2.

Teileafón: (353) 1 6030200 - URL: www.nli.ie/vacancies

Faisnéis Chúlra

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) leabharlann taifid na hÉireann. Bunaíodh NLI in 1877 agus ar an 3 Bealtaine 2005 rinneadh institiúid neamhspleách cultúir di faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, le Bord agus Stiúrthóir a fheidhmíonn faoi rialachas foriomlán an Bhoird. Is é atá ar an mBord ná cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, a thuiriscíonn don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá timpeall 110 ball foirne fostaithe sa Leabharlann a bhíonn ag obair i dtreo cúig thosaíocht a bhaint amach faoin straitéis reatha atá againn, is iad sin an bailiú, an chosaint, an nochtadh, an rannpháirteachas agus an nuáil.

Baintear leas as bailiúcháin uathúla NLI le scéal na hÉireann a roinnt leis an domhan mór. Tá breis agus deich milliún mír faoinár gcúram, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, léaráidí, ábhair ghearrshaolacha, ceol agus meáin dhigiteacha. Tá láithreacha na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill, ar oscailt agus saor in aisce dóibh siúd ar mian leo féachaint ar na bailiúcháin agus iad a iniúchadh – i seomraí léitheoireachta ar díol spéise iontu féin iad do chuirteoirí, trí thaispeántais luachmhara éagsúla, agus trí chlár poiblí gníomhach. Tá eolas breise ar fáil ag www.nli.ie.

Tá Rannóg na mBailiúchán Digiteach freagrach as na bailiúcháin dhigiteacha náisiúnta a fhás, a bhainistiú agus a chaomhnú i bhfoirm cartlanna gréasáin, cartlanna digitghinte agus bailiúcháin dhigitithe, agus as córais bhuntaca agus bonneagar teicniúil lárnach NLI a fhorbairt. Tá obair na rannóige comhdhéanta de: Bonneagar agus Oibríochtaí TFC, Córais Dhigiteacha Leabharlainne, Digiú, Cartlannú Gréasáin, agus Cartlanna Digitghinte.

Tá na seirbhísí digiteacha atá ag NLI faoi láthair comhdhéanta de bhogearraí foinse oscailte, táirgí a sholáthraíonn díoltóirí, agus meánearraí agus comhéadain a fhorbraítear go himmheánach, agus baintear úsáid astú sin chun os cionn 120TB de bhailiúcháin dhigiteacha a bhainistiú. Áirítear leis na córais lárnacha Córas Bainistíochta Leabharlainne (VTLS Virtua), córais fála agus rochtana (VuFind agus Blacklight), agus córas stóir dhigitigh (Fedora Commons/Samvera). Bainimid úsáid as teicneolaíochtaí a úsáidtear go forleathan, mar Apache Solr, Ruby ar Rails, Zend Framework, MySQL, Oracle, agus APIanna RESTful gréasáin. Cuirtear córais bhonneagair ar fáil trí thimpeallacht fhíorúil VMware, mar aon le sraith uirlisí i gcomhair bainistíocht cumraíochta, imlonnú agus inbhraiteachta, lena n-áirítear Puppet, NewRelic agus RedHat Insights.

Cuireann foireann na gCórais Digiteacha Leabharlainne saineolas teicniúil agus innealtóireachta bogearraí ar fáil, agus tá siad freagrach as córais agus cumas teicniúil an NLI a fhorbairt mar a bhaineann sé le bainistíocht bailiúchán agus córais rochtana úsáideoirí, m.sh. an Córas Bainistíochta Leabharlainne, an Chatalóg ar Líne, feidhmchlár gréasáin na gClár Paróiste, Córas na dTicéad do Léitheoirí, an Córas Orduithe ar Líne, chomh maith le príomhchodanna de na sreafaí oibre digitithe agus bainistíochta sócmhainní digiteacha.

Oibríonn an fhoireann as lámha a chéile le Foireann Oibríochtaí TFC an NLI agus le haonaid theicniúla agus neamhtheicniúla eile san NLI le húsáid níos fearr agus níos éifeachtúla a bhaint as an teicneolaíocht ó thaobh bailiúcháin a bhainistiú agus eispéireas den scoth a chur ar fáil d'úsáideoirí.

AN RÓL

Mar Cheannasaí Teicniúil, beidh tú ag bainistiú, ag treorú agus ag forbairt fhoireann na gCóras Digiteach Leabharlainne, ar a bhfuil beirt forbróirí sinsearacha bogearraí agus Leabharlannaí Córas an NLI faoi láthair. Cuirfidh tú ceannaireacht theicniúil ar fáil maidir le bonneagar córas leabharlainne an NLI a phleanáil, a forbairt agus a chur i bhfeidhm. Ag obair duit le Ceann na mBailiúchán Digiteach agus le Ceannasaí Oibríochtaí TFC an NLI, beidh ról ceannasach agat maidir le hailtíreacht a dhéanamh ar an gcéad ghlúin eile de chórais agus de bhonneagar na leabharlainne, agus leas á bhaint as réitigh phoiblí néil (SaaS/IaaS/PaaS) chuige sin. Beidh an ról dírithe go háirithe ar bhonneagar agus ar sheirbhísí a forbairt a chumasóidh d'fhoireann an NLI, do thaighdeoirí, do thionscadail scoláireachta digití, d'fhorbróirí tríú páirtí agus don phobal i gcoitinne athúsáid nuálach a bhaint as na bailiúcháin náisiúnta, i.e. sraith shimplí chomhtháite APIanna a forbairt le rochtain a chumasú trí mheán clár ríomhaireachta ar ár sócmhainní digiteacha agus meiteashonraí.

Ag obair le raon leathan teicneolaíochtaí, beidh ort meon lán-chruachta a bheith agat agus a bheith oscailte d'athrú agus d'fhoghlaim leanúnach. Tógaimid ar fhoinsé oscailte, foghlaimimid uaidh agus cuirimid leis pé uair is féidir - mar sin má d'oibrigh tú ar dhearbhuíthe oscailte cheana ba bhreá linn do shaothar a fheiceáil.

Comhoibreoidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi le forbróirí bogearraí, leabharlannaithe, cartlannaithe, gairmithe TFC, speisialtóirí meiteashonraí, díoltóirí bogearraí, agus pobail foinsé oscailte. Tá obair chumaisc á tairiscint againn, a bheidh bunaithe inár gcampas stairiúil i lár na cathrach. Deis iontach é seo le bheith ag obair i dtimpeallacht spreagúil dhúshlánach, le do shaineolas a chur ag obair, le fadhbanna suimiúla a réiteach, agus le leas a bhaint as teicneolaíochtaí tionscalchaighdeánacha chun caomhnú agus athúsáid ár mbailiúchán oidhreachta náisiúnta a chinntiú.

DUALGAIS AGUS FREAGRACHTAÍ

Príomhdhualgais

- Maoirseacht theicniúil agus ceannaireacht straitéiseach a thabhairt le córais bainistíochta bailiúchán agus córais úsáideora an NLI a forbairt agus a fheabhsú;

- Foireann forbróirí bogearraí agus speisialtóirí teicneolaíochta leabharlainne a threorú, a bhainistiú agus tacú leo;
- Oibriú le réimsí gnó an NLI agus le húsáideoirí seachtracha le spriocanna straitéiseacha agus réitigh theicniúla chomhfhreagracha a dhéanamh amach;
- Saineolas teicniúil a chur ar fáil do Cheann na mBailiúchán Digiteach agus d’Fhoireann Ceannaireachta an NLI le bonn eolais a chur faoi phleanáil straitéiseach agus oibríochtúil, le tacú le huathoibriú agus cuíchóiriú próiseas oibre, agus le seirbhísí atá dírithe ar an úsáideoir a fheabhsú;
- Oibriú le Ceann na mBailiúchán Digiteach chun an tacaíocht agus an maoiniú is gá a chinntiú chun bonneagar agus seirbhísí teicniúla inbhuanaithe a fhorbairt ar bhealach a bheidh ag teacht le haidhmeanna straitéiseacha an NLI;
- A chinntiú go ndéanfar tionscadail a bhainistiú i gcomhréir le cuspóirí sonraithe agus de réir buiséad agus sceideal sonraithe.

Bunriachtanais

- Cáilíocht tríú leibhéal san Eolaíocht Ríomhaireachta, san Fhorbairt Bogearraí, nó a chomhionann;
- 5 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil ábhartha;
- Taithí 2 bhliain ar a laghad ar fhoireann theicniúil a threorú agus ar mhaoirseacht agus ceannaireacht theicniúil a thabhairt;
- Fianaise ar mhodheolaíochtaí ábhartha (m.sh. OKRanna, Agile, Scrum, srl.) a úsáid le tionscadail/táirgí a chur ar fáil go comhsheasmhach;
- Taithí nach beag ar thionscadail chasta forbartha bogearraí agus/nó comhtháthaithe córas a thabhairt chun críche, lena n-áirítear comhoibriú le foirne teicniúla eile (DevOps);
- Taithí inléirithe ar chód ardchaighdeán tástáilte a tháirgeadh, agus ar mhaoirseacht a dhéanamh ar phróisis forbartha agus dearbhaithe cáilíochta;
- Taithí ar chuid de na rudaí seo a leanas nó orthu ar fad: an fhorbairt faoi thionchar tástála (m.sh. TDD, BDD), comhtháthú leanúnach, bainistíocht cumraíochta, imlonnú uathoibríthe, agus monatóireacht.
- Taithí ar dhearadh, forbairt agus feabhsú leanúnach seirbhíse, lena n-áirítear straitéisí, beartais, SOPanna, samhlacha próisis agus sreafaí oibre a chruthú;
- Tuiscint den scoth ar mhaolú bagairtí cibearshlándála, go háirithe mar a bhaineann sé le forbairt agus imlonnú bogearraí;
- Fianaise ar dhea-theist láidir bainistíochta caidrimh le geallsealbhóirí agus an cumas obair a dhéanamh go maith le daoine eile ag gach leibhéal, lena n-áirítear baill foirne theicniúla agus neamhtheicniúla;
- Imreoir foirne den scoth, solúbtha agus comhoibrítheach, chomh maith le hardleibhéal freagrachta agus tionscnaimh phearsanta;

- Scileanna anailíse agus cumarsáide den scoth agus an cumas le hoibriú go héifeachtach i dtimpeallacht atá dírithe ar thionscadail.

Riachtanais Inmhianaithe

- Taithí ar AWS, Azure nó Google a úsáld le feidhmchláir ghréasáin phoiblí atá dírithe ar an bpobal a thabhairt isteach agus a bhainistiú ar bhealach slán ar néalbhonneagar poiblí (IAAS/PaaS);
- Próifíl ghairmiúil a baineadh amach trí rudaí a fhoilsiú nó trí ghníomhaíochtaí gairmiúla;
- Taithí léirithe ar rannchuidiú le tionscadail phobalbhunaithe foinse oscailte;
- Taithí ar anailís a dhéanamh ar mhéid mhór sonraí téacs agus íomhá, m.sh. aitheantas íomhá, OCR, asbhaint aonán ainmnithe, agus/nó ar sheirbhísí meaisínfhoghlama ó AWS, Azure, Google, srl. a chomhtháthú;
- Taithí ar sheirbhísí API-bhunaithe a dhearadh agus a fhorbairt chun freastal ar riachtanais forbróirí nó taighdeoirí tríú páirtí;
- Taithí ar fheidhmchláir dháilte a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm le Puppet Configuration Management nó táirgí eile den sórt céanna;
- Taithí ar anailís téacs agus cuardach téacs iomlán le Apache Lucene, Apache Solr, nó a leithéid;
- Eolas ar na teicneolaíochtaí agus ar na caighdeáin a úsáidtear go coitianta i réimse na leabharlaine digití, m.sh. caighdeáin meiteashonraí, RDF, Sonraí Nasctha, an Creat Idir-Inoibritheachta Idirnáisiúnta Íomhá (IIIF), srl.;
- Taithí ar chórais a fhorbairt nó a oibriú a bhainistíonn méideanna móra (> 150TB) inneachair dhigitigh.

Painéal

Féadfar painéal a chur ar bun mar thoradh ar an gcomórtas seo óna líonfar folúntais le haghaidh Ceannasaí Teicniúil, Córais Dhigiteacha Leabharlaine ar leibhéal an Innealtóra, Grád 2, idir bhuan agus sealadach, má bhíonn a leithéid ann.

Tá mionsonraí in Aguisín 1 maidir leis na Príomhinniúlachtaí i gcomhair feidhmíocht éifeachtach mar Cheannasaí Teicniúil, Córais Dhigiteacha Leabharlaine.

INCHÁILITHEACHT CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR INCHÁILITHEACHT

Is gá d'iarrthóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- a) Bheith ina saoránach nó ina shaoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Is iad na tíortha atá sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná

Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

- b) Saoránaigh na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- c) Duine nach saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch é nó í ach ar céile nó leanbh saoránaigh an LEE nó na hEilvéise é nó í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- d) A bheith ina dhuine nó ina duine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta air nó uirthi faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát de thoradh athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- e) A bheith ina dhuine nó ina duine nach saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch é nó í ach ar tuismitheoir nó leanbh cleithiúnach saoránaigh de chuid bhallstát LEE nó na hEilvéise é nó í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

Nóta maidir le saoránaigh an RA: Tá an Comhaontú Comhlimistéar Taistil fadbhunaithe idir an Ríocht Aontaithe agus Éire gan athrú tar éis an Bhreathimeachta. Dá réir sin, tá saoránaigh na Ríochta Aontaithe incháilithe chun obair agus cónaí in Éirinn gan srian agus, dá bharr sin, iarratas a dhéanamh chun dul san iomaíocht don chomórtas seo i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir cáilitheacha eile go léir. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gComhlimistéar Taistil ar fáil [anseo](#).

Le bheith incháilithe ní mór d'iarrthóirí ceann amháin de na critéir shaoránachta thuas a shásamh roimh dháta tairisceana na hoibre.

An Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER)

Is coinníoll den Scéim Dreasachtaí Luathscoir, mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc ar dhaoine a théann ar scor faoin scéim sin cur isteach ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin ní ceadmhach do dhaoine den sórt sin cur isteach ar an bpost seo.

Imlitir 7/2010 ón Roinn Sláinte agus Leanaí

Le hImlitir 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh isteach an Scéim Luathscoir Spriocdhírthe agus an Scéim Iomarcaíochta Deonaí. Is coinníoll é den Scéim Shonraithe um Luathscor Deonach nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe chun athfhostaíochta san earnáil phoiblí sláinte, ná san earnáil phoiblí i gcoitinne, ná in aon chomhlacht atá maoinithe i bpáirt nó ina iomláine ag an Státchiste. Beidh feidhm ag an toirmeasc céanna orthu siúd a bhaineann leas as an Scéim Iomarcaíochta Deonaí, ach amháin nach mairfidh an toirmeasc ach ar feadh 7 mbliana agus go gcaithfear cead a fháil ón

Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina dhiaidh sin le filladh ar aon fhostaíocht. Daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim sin, ní bheidh siad incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

Le litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a comhaontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta ex-gratia le fostaithe sa tseirbhís poiblí. Coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é, maidir le daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú, nach mbeidh siad incháilithe le haghaidh athfhostaíochta sa tseirbhís poiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (arna shainiú ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009–2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chríoch na fostaíochta. Mar sin teastóidh toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh athfhostaíocht a dhéanamh. Daoine a bhain leas as an scéim sin agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go bhfuil siad incháilithe (.i. go bhfuil an tréimhse neamh-incháilitheachta thart) agus cead a fháil ón Aire sula bhféadfadh aon chomhlacht seirbhíse poiblí iad a fhostú.

An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Imlitir LG (P) 06/2013)

De bhun Imlitir LG (P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, tugadh isteach Scéim Iomarcaíochta Deonaí do Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoiteann i leith Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, coinníollach sonracha de chuid na scéime VER is ea nach mbeidh daoine incháilithe le haghaidh athfhostaíochta in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (arna shainiú ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009–2011 agus ag an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012) ar feadh tréimhse 2 bhliain óna ndáta imeachta faoin Scéim seo. Mar sin teastóidh toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh athfhostaíocht a dhéanamh. Tá feidhm ag na coinníollacha seo chomh maith i gcás fostú/fostaíocht ar conradh ar bhonn seirbhíse (bíodh sé mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

Sosanna Gairme

Faoi réir na riachtanas incháilitheachta a shásamh, tá an comórtas ar oscailt do bhaill foirne atá ar Shos Gairme, ar an gcoinníoll go gcloíonn a Sos Gairme le forálacha Imlitir 04/2013 de chuid na Roinne Airgeadais, nó ar shocruithe ar iasacht.

Dearbhú

Éileofar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasachtaí luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann thuasluaite. Éileofar ar iarratasóirí chomh maith aon teidlíocht chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (á íoc

nó coinnithe) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí a dhearbhu agus/nó cá háit a bhfuair siad íocaíocht in ionad i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

NA PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

TUARASTAL: Is mar seo a leanas atá an scála pá a bhaineann leis an bpost seo (rátaí i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2022):

Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (RPP)

Beidh feidhm ag an scála pá RPP sa chás go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina f(h)ostaí sa tseirbhís phoiblí cheana féin a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin agus a n-éilítear air nó uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh. Beidh sé i bhfeidhm freisin i gcás buanfhostaithe nua agus fostaithe neamhbhunaithe ar théarma seasta.

€68,491 €70,056 €71,617 €73,185 €74,749 €75,165 €76,707 €78,307 €80,913 **A** €83,525 **B**

A. Tar éis 3 bliana seirbhíse sásúla ag an uasmhéid

B. Tar éis 6 bliana seirbhíse sásúla ag an uasmhéid

Ranníocaíocht Neamhphearsanta Phinsin (Neamh-RPP)

Is mar seo a leanas atá an tuarastal Neamh-RPP (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) don phost (le feidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2022) agus baineann sé le státseirbhísigh nó seirbhísigh phoiblí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995.

€65,164 €66,656 €68,135 €69,628 €71,114 €72,601 €74,080 €75,584 €76,866 **A** €79,345 **B**

A. Tar éis 3 bliana seirbhíse sásúla ag an uasmhéid

B. Tar éis 6 bliana seirbhíse sásúla ag an uasmhéid

Nóta Tábhachtach

Tiocfaidh an ceapaí isteach ar bhun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir le ráta an luacha saothair. Féadfar an ráta a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais, leis.

Faoi réir feidhmíocht shásúil, féadfaidh sé go mbeidh incrimintí iníoctha ar aon dul le Beartas reatha an Rialtais (féach Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018–2020, alt 5.1, le haghaidh athruithe le déanaí).

Féadfaidh go mbeidh téarmaí agus coinníollacha éagsúla i gceist más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí thú atá ag fónamh faoi láthair.

Beidh an ráta pá a thairgfear iníoctha go seachtainiúil ar bhonn riaráistí de bhun Ríomhaistriú Airgid isteach i do rogha cuntais bainc. Ní fhéadfar íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirfidh tú uimhir IBAN agus IBIC ar fáil don Aonad Acmhainní Daonna.

Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Déanfaidh tú comhaontú go bhféadfaidh sé go n-asbhainfear ó íocaíochtaí tuarastail dlite duit amach anseo, de réir an Achta um Íoc Pá, 1991, aon ró-íocaíochtaí tuarastail nó taistil agus cothaithe. Cuirfear suim na ró-íocaíochta agus sonraí maidir léi in iúl duit i scríbhinn agus tabharfar fógra seachtaine ar a laghad duit faoin asbhaint atá le déanamh. Beidh méid na hasbhainte cothrom agus réasúnta ag féachaint do na himthosca uile.

Tionacht

Beidh an té a cheapfar ag glacadh róil sheanbhunaithe i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tar éis dó nó di conradh promhaidh a chríochnú ar feadh tréimhse bliana ón dáta ceapacháin. Ní choisceann sin síneadh ar an tréimhse phromhaidh sna cúinsí cuí. Le linn na tréimhse promhaidh, d'fhéadfadh an bainisteoir/na bainisteoirí ábhartha athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht an cheapaí lena mheas:

- (i) ar fheidhmigh sé nó sí go sásúil
- (ii) an raibh a (h)iompar ginearálta sásúil
- (iii) an oireann sé nó sí ó thaobh na sláinte de, go háirithe i dtaca le saoire bhreiteachta.

Fostaíocht Sheachtrach

Ní cheadófar don cheapaí cleachtadh go príobháideach ná aon nasc a bheith aige nó aici le haon ghnóthas seachtrach a bheadh ag teacht salach ar a c(h)uid dualgas oifigiúil, a chuirfeadh as dá f(h)eidhmíocht nó a chuirfeadh a m(h)acántacht i mbaol.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 leis an bhfostaíocht, nuair is iomchuí, ar an bpost seo.

Suíomh

Beidh an t-iarrthóir a n-éiríonn leis/léi ag feidhmiú i dtosach in áitreabh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar Shráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, ach d'fhéadfadh sé/sí a bheith lonnaithe in aon cheann d'áitribh na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath.

Uaireanta Freastail

Socrófar na huaireanta freastail ó am go ham ach ní bheidh níos lú ná 41.25 uair an chloig (35 glanuair oibre) in aghaidh na seachtaine i gceist leo.

Saoire Bhliantúil

Beidh an té a cheapfar i dteideal saoire bhliantúil 30 lá in aghaidh na bliana. Beidh an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le ceadú saoirí bliantúla, agus é bunaithe ar sheachtain cúig lá gan na gnáthlaethanta saoire poiblí a áireamh.

Cúrsaí Sláinte

Ní mór d'iarrthóirí ar an bpost, agus do dhuine ar bith i mbun na hoifige, a bheith go hiomlán inniúil agus a bheith in ann tabhairt faoi na dualgais a cheanglaítear leis an oifig, agus a bheith i mbail sláinte a léireodh dóchúlacht réasúnach go mbeidh an cumas aige nó aici seirbhís rialta agus éifeachtúil a thabhairt.

Saoire Bhreiteachta

I rith asláithreachta bhreiteachta atá teistithe go cuí, íocfar an ceapaí ar bhonn pro rata de réir fhorálacha na gcioclán a bhaineann le saoire bhreiteachta, ar chuntar nach mbeadh aon fhianaise de mhíchumas buan ann.

Iarrfar ar oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ag ráta Aicme A a lámh a chur le mandáit a thabharfadh údarás don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochar dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Le híocaíochtaí a fháil le linn breiteachta, éileofar ar an oifigeach gach éileamh ar árachas sóisialta is gá a chur isteach chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorannacha ama.

Aoisliúntas agus Scor

Cuirfear ar fáil don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi na téarmaí agus coinníollacha cuí aoisliúntais a bheidh i réim i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tráth a dtairgfear an ceapachán dó nó di. Ach amháin i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin (téarmaí nach faoin scéim aonair iad) sa tseirbhís phoiblí le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán (féach alt d anseo thíos), ciallaíonn sé seo go dtairgfear an ceapachán ar bhonn ballraíochta i Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair").

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

a. Aois Inphinsin

Is é 66 bliain d'aois, le hardú go 67 agus 68, an aois íosta ag a mbeidh an pinsean iníoctha de réir athruithe aoise i dtaca leis an bPinsean Stáit.

b. Aois Scoir

Ní mór do bhaill den scéim dul ar scor nuair a bheidh siad 70 bliain d'aois.

c. Laghdú Pinsin

Má bhí an ceapaí fosaithe sa Státseirbhís roimh ré agus go bhfuil sé nó sí ag fáil pinsin ón Státseirbhís, beidh feidhm ag na gnáthrialacha laghdaithe. Sa chás go raibh an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís cheana agus pinsean bronnta air/uirthi mar chuid de shocruithe luathscoir dheonaigh (ach amháin daoine a ghlac páirt sa Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER) nó faoi Chiorclán 7/2010 VER/VRS de chuid na Roinne Sláinte, nach bhfuil incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo mar atá leagtha amach thuas), cuirfear deireadh leis an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe an duine ceaptha a mheas chun críche aon aoisliúntais a d'fhéadfadh a mbeadh an duine ceaptha incháilithe dó amach anseo.

Má bhí an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe, tabhair faoi deara go ndéantar foráil san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 do lacáiste pinsin d'fhostaithe sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a dhéantar a athfhostú sa chás go bhfuil pinsean seirbhíse poiblí in íocaíocht. An fhoráil sin leis an laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí, tháinig sí in éifeacht an 1 Samhain 2012. **D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí ag an bhforáil sin ar phinsean duine a cheapfaí sa phost seo atá ag fáil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí faoi láthair nó atá i seilbh pinsean caomhnaithe Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí a thiocfadh i ngníomh le linn dó nó di a bheith fostaithe sa phost seo.**

Sa chás go raibh an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo, agus pinsean bronnta air/uirthi mar chuid de shocrúithe luathscoir dheonaigh (ach amháin an Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER), Ciorclán 7/2010 VER/VRS na Roinne Sláinte, nó Ciorclán LG (P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, a mbeadh daoine incháilithe don chomórtas mar gheall air, mar a luadh thuas), cuirfear deireadh leis an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe an duine ceaptha a mheas chun críche aon aoisliúntais a d'fhéadfadh a mbeadh an duine ceaptha incháilithe dó amach anseo.

- **Scéim Luathscoir na Roinne Oideachais agus Scileanna do Mhúinteoirí**
Imlitir 102/2007

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, gan na cásanna a leagtar amach in Alt 10.2 agus 10.3 de dhoiciméid na himlitreach baintí a áireamh, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Snáithe 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má thosaíonn sé i bhfostaíocht d'aon chineál agus in aon earnáil den tseirbhís poiblí arís dá éis sin, cuirfear stop láithreach le híocaíochtaí pinsin leis an duine sin faoin scéim. Atosófar den phinsean a íoc, más ea, ar chríoch na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine sin mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe seo san áireamh agus an íocaíocht phinsin á ríomh).

Scor de dheasca Drochshláinte

Tabhair faoi deara, sa chás go ndeachaigh duine aonair ar scor ó chomhlacht sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí de dheasca drochshláinte, go bhféadfadh sé go ndéanfaí athbhreithniú ar a p(h)insean ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca drochshláinte i scéim pinsin na fostaíochta sin.

d. Iar-Státseirbhísigh

Cé go mbaineann na gnáth-théarmaí pinsin atá leagtha amach thuas le ballraíocht sa Scéim Aonair, d'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhm ag an scéim sin ar dhaoine áirithe. Tá na sonraí uile maidir leis na coinníollacha a bhfuil feidhm acu i dtaobh cibé acu an bhfuil fostaí sa tseirbhís poiblí ina bhall den Scéim Aonair nó nach bhfuil le fáil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is é an príomhchás eisceachta (i

gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta), áfach, i gcás iarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcáil inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí nach faoin scéim aonair iad) le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán, nach n-éireodh sé/sí de bheith ina b(h)all den Scéim Aonair go hiondúil. Sa chás seo, thabharfaí deis dá leithéid d'iarrthóir ballraíocht a ghlacadh sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("An Scéim Pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe"). Chiallódh sé seo go mbeadh feidhm ag na forálacha lacáiste faoi (c) thuas, agus go mbeadh iarmhairtí ann i leith fabhrú pinsin chomh maith, mar a leagtar amach anseo thíos:

e. Fabhrú Pinsin

Ní fhéadtar níos mó ná 40 bliain seirbhíse a chur san áireamh le haghaidh pinsin sa chás go raibh an té ina b(h)all de bhreis is aon scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, a ndéantar foráil di san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, in éifeacht an 28 Iúil, 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith i gceist leis seo do dhuine ar bith a cheaptar agus a bhfuil cearta pinsin faighte aige/aici ó fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo.

f. Asbhaint a Bhaineann le Pinsean

Beidh an ceapachán seo faoi réir asbhaint a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí, féach an láithreán gréasáin seo a leanas: <http://www.per.gov.ie/ga/pensions>

Sicréideacht, Rúndacht agus Caighdeán Iompair:

Sicréideacht agus Ionracas Oifigiúil

Le linn téarmaí an chonartha, beidh an t-oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Toileoidh an té a cheapfar nach nochtfaidh sé nó sí do thríú páirtithe aon eolas rúnda le linn nó tar éis na tréimhse fostaíochta.

Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse

Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

Dea-Cháil

Is gá go mbeadh dea-cháil ar iarrthóirí ar an bpost agus ar an té a cheapfar.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Bainfidh an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 leis an bhfostaíocht seo nuair is iomchuí.

Fógra tábhachtach:

Níl sa mhéid thuas ach na príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní hionann iad agus liosta uileghabhálach de na téarmaí fostaíochta uile. Leagfar amach na téarmaí sin sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

Cén chaoi iarratas a dhéanamh

Ba chóir d'iarratasóirí cóip dá Curriculum Vitae reatha a chur isteach, mar aon le litir spéise agus ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí, ar an ríomhphost chuig Aonad Acmhainní Daonna Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag an seoladh careers@nli.ie.

Tabhair do d'aire gur chóir na doiciméid uile a bhaineann leis an iarratas a sheoladh isteach in aon doiciméad PDF amháin.

Déanfar gearrliosta d'iarratasóirí ar bhonn an eolais atá ina bhfoirmeacha iarratais. Is iad na hiarratasóirí atá freagrach as a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh ag an am agus ar an dáta a thugtar.

Coinníonn an Leabharlann an ceart acu féin na fiosruithe uile a mheasann siad a bheith riachtanach a dhéanamh maidir leis an iarratasóir sula dtairgfear post dó nó di.

Dícháileofar aon duine a théann i mbun canbhasála.

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais

Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh 28ú Lúnasa 2023 ag a 3 i.n. **Cloífead go docht daingean leis an dáta deiridh sin.**

Formáid an Chomórtais

Formáid an chomórtais ná agallamh leath-struchtúrtha, ag baint úsáid as na hinniúlachtaí cuí a bhaineann leis an bpost agus eolas a chuirtear ar fáil tríd an bpróiseas iarratais. Reáchtálfar na hagallaimh i mBéarla.

Gearrliostú

De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a sheoltar isteach ar phost ná an líon iarratas a theastaíonn le folúntais reatha agus todhchaí don phost a líonadh. D'fhéadfadh go gcomhlíonfadh iarrthóir na riachtanais incháilitheachta a bhaineann leis an bpost, ach in ainneoin sin, más amhlaidh atá líon na n-iarrthóirí ar an bpost chomh hard sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine acu, d'fhéadfadh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann líon teoranta iarrthóirí a ghlaoch chun agallaimh. I dtaca leis seo, déanann an Leabharlann Náisiúnta soláthar le

haghaidh próiseas gearrliostaithe a chur i bhfeidhm chun grúpa iarrthóirí a roghnú i gcomhair agallaimh, a meastar fúthu gurb iadsan is mó a oireann don phost ar bhonn an athbhreithnithe a rinneadh ar a bhfoirmeacha iarratais. Déanfaidh sainbhord na foirmeacha iarratais a iniúchadh, agus critéir réamhchinnte á gcur san áireamh acu, ar bhonn riachtanais an róil, agus is iadsan a chinnfidh cé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar thú a ghearrliostú, le hais na n-iarrthóirí eile a chuir isteach ar an bpost. Ní hé sin le rá nach n-oireann iarrthóirí eile don phost nó nach mbeidís in ann é a dhéanamh; is éard a chiallaíonn sé ná go bhfuil iarrthóirí áirithe ann a bhfuil an chosúlacht air, bunaithe ar a n-iarratais, go bhfuil cáilíochtaí níos oiriúnaí agus/nó taithí níos ábhartha acu. Is ar mhaithe leat féin é, mar sin, cur síos cruinn mionsonraithe a dhéanamh ar do cháilíochtaí/taithí ar an bhfoirm iarratais.

Iarrthóireacht a mheastar a bheith tarraingthe siar

Iarrthóirí nach gcuireann fianaise is ábhartha dá n-iarrthóireacht ar fáil nuair a iarrann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann orthu déanamh amhlaidh, cuirfear a n-iarratas as an áireamh.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe i ndáil leis an bPróiseas Roghnúcháin

Déileálfar le hiarratais ar athbhreithniú de réir an doiciméid “*Cód Cleachtais: Ceapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí*” atá foilsithe ag an gCoimisiún um Cheapachán Seirbhíse Poiblí. Féadtar teacht ar an gCód ar www.cpsa.ie.

Is mar seo a leanas a chuirfidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann iarratais (curtha faoi bhráid an Aonaid Acmhainní Daonna) san áireamh le haghaidh athbhreithniú:-

- próiseas neamhfhoirmeálta le go mbainfí leas as taobh istigh de 5 lá oibre d’fhógra an chinnidh tosaigh (Alt 7.8 den Chód) nó taobh istigh de 2 lá oibre de chinneadh a fháil i ndáil le céim eastramhach (Alt 7.9 den Chód).
- Próiseas foirmeálta: ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh taobh istigh de 10 lá oibre d’fhógra an chinnidh tosaigh, nó i gcás céim eastramhach, ní mór go bhfaighfí an t-iarratas ar athbhreithniú taobh istigh de 4 lá oibre (Alt 7.13 den Chód).
- Féadann an t-iarrthóir a iarraidh go ndéanfadh eadránaí toradh an chinnidh athbhreithnithe tosaigh féin a athbhreithniú agus ba chóir iarratas chuige sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis toradh an athbhreithnithe tosaigh a fháil (Alt 7.15 den Chód).

Déantar plé in Alt 8 den Chód leis na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe/Achomharc i ndáil le líomhaintí faoi shárú ar an gCód Cleachtais.

Aiseolas ón Iarrthóir

Ag teacht le prionsabail an Chóid Cleachtais thuasluaite, tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta d’aiseolas soiléir, sonrath agus fiúntach a chur ar fáil d’iarrthóirí. I ndáil leis seo, polasaí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann é aiseolas i scríbhinn a chur ar fáil d’iarrthóirí. San aiseolas sin luafar na marcanna a bronnadh ar an iarrthóir sa chomórtas, cuirfear a

f(h)eidhmíocht i gcomparáid le feidhmíocht na n-iarrthóirí eile agus beidh focal ón mbord measúnaithe maidir le feidhmíocht fhoriomlán an iarrthóra faoi gach ceann de na ceanteidil inniúlachta.

Rochtain ar Eolas

Cruthófar **TRÍ** chruachóip d'ábhar an iarrtais a sheolfar isteach ar an ríomhphost le go bhféadfaidh an bord agallaimh iad a úsáid. Ar chríoch an chomórtais, coinneoidh an tAonad Acmhainní Daonna **AON CHÓIP AMHÁIN** agus scriosfar an **DÁ CHÓIP EILE**. Beidh feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018.

Aguisín 1

Inniúlachtaí le haghaidh an ról mar Cheannasaí Teicniúil, Córais Dhigiteacha Leabharlainne ar leibhéal an Innealtóra, Grád 2 Táscairí Feidhmíochta Éifeachtaí

Ceannaireacht	Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt straitéisí agus bheartais na Rannóige / na hEagraíochta
	A bheith treallúsach agus fócasaithe ó thaobh ardleibhéil feidhmíochta a fhorbairt agus a choinneáil, agus dul i ngleic le haon fhadhbanna feidhmíochta de réir mar a thagann siad aníos
	Iarrachtaí na foirne ina hiomláine a stiúradh, agus a oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na hiarrachtaí sin
	Machnamh a dhéanamh ar éifeachtacht torthaí i dtéarmaí atá níos fairsinge ná a sainréimse féin
	Cuspóirí/spriocanna a shainaithint go soiléir éifeachtach, agus oibrithe a ghríosú le tascanna a ghabháil chucu féin agus a bheith freagrach astu
	Cumas daoine eile a fhorbairt ar bhonn aiseolais, oiliúna agus cruthú deiseanna le haghaidh forbairt scileanna
	Deiseanna a shainaithint agus a thapú chun leas a bhaint as cainéil nuálacha nua um sholáthar seirbhísí
Anailísiú agus Cinnteoireacht	Taighde cuimsitheach a dhéanamh ar saincheisteanna, agus oibriú i gcomhar le daoine eile chun an t-eolas riachtanach uile a thiomsú leis na ceisteanna sin a réiteach
	Tuiscint a fháil go tapa ar cheisteanna casta, agus sonraí a shú isteach agus a mheas go cruinn (lena n-áirítear sonraí uimhriúla)
	A bheith in ann snáitheanna éagsúla eolais a chomhcheangal, agus an idirghaolmhaireacht agus na naisc atá eatarthu a shainaithint
	Cinnteoireacht shoiléir thráthúil, a bhfuil bunús daingean léi, a dhéanamh i dtaca le ceisteanna tábhachtacha
	Machnamh a dhéanamh ar thionchar níos leithne na cinnteoireachta ar réimse páirtithe leasmhara
	Seasamh daingean a ghlacadh maidir le ceisteanna a bhfuil tábhacht ag baint leo, dar leis nó léi
Bainistíocht agus Torthaí a Bhaint Amach	Freagracht a ghlacadh as tascanna dúshlánacha agus iad a chur ar fáil in am agus ar ardchaighdeán
	An obair a phleanáil agus tosaíochtaí oibre a shannadh de réir tábhachta, sprioc-amanna agus srianta acmhainne eile, agus a bheith in ann tosaíochtaí a athshannadh má athraíonn na cúinsí
	A chinntiú gur bunchloch d'obair an rannáin iad ardchaighdeán agus seirbhís éifeachtúil do chustaiméirí
	Grinnstaidéar a dhéanamh ar cheisteanna d'fhonn bealach níos fearr a aimsiú chun rudaí a chur i bhfeidhm
	A bheith fáilteach roimh smaointe agus tionscnaimh nua, chomh maith le réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna
	A chinntiú go bhfuil rialúcháin agus bearta feidhmíochta i ngníomh chun seirbhísí éifeachtúla ar ardluach a sholáthar
Tionscadail iomadúla a bhainistiú go héifeachtach	

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide	Eolas a chur i láthair ar chaoi mhuinéach loighciúil mhealltach, ó bhéal agus i scríbhinn araon
	Plé oscailte fiúntach a spreagadh faoi cheisteanna oibre
	Comhoibriú a chur chun cinn laistigh den rannán, ach oibriú go héifeachtach freisin ar thionscadail i Rannóga / Earnálacha eile
	A bheith in ann fanacht stuama staidéarach agus é nó í ag iarraidh dul i gcion ar dhaoine eile
	Tábhacht na Seirbhíse do Chustaiméirí a chur ina luí ar dhaoine ina réimse féin
	Líonra teagmhálaithe a fhorbairt agus a choinneáil chun réiteach fadhbanna agus roinnt eolais a éascú
	Déileáil go héifeachtach le réimse páirtithe leasmhara, lena n-áirítear lucht an phobail, comhghleacaithe sa tSeirbhís Phoiblí agus an córas polaitiúil
Saineolas, Oilteacht agus Féinforbairt	Tuiscint shoiléir a bheith aige nó aici ar a róil, c(h)uspóirí agus spriocanna féin, agus cinn na foirne, agus ar an gcaoi a mbaineann siad le hobair an aonaid agus na Rannóige/na hEagraíochta
	Cur amach domhan a bheith aige nó aici ar cheisteanna a bhaineann leis an Rannóg agus an Rialtas, agus a bheith tuisceanach maidir le tosaíochtaí níos leithne polaitiúla agus eagraíochtúla
	Meastar é nó í a bheith ina s(h)aineolaí i measc páirtithe leasmhara ina réimse féin
	Duine atá dírithe ar an bhféinforbairt agus a bhíonn ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis le go mbeidh sé nó sí in ann sainriachtanais an róil a chomhlíonadh
Dúthracht agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí	Duine féinspreagtha a bhíonn ag iarraidh a bheith ag feidhmiú ag an leibhéal is airde i rith an ama
	Ionraic agus iontaofa ar bhonn pearsanta, agus is féidir brath air nó uirthi
	Cinnteoideh sé nó sí go dtabharfar tús áite don saoránach i ngach uile sheirbhís a chuirfear ar fáil
	Cothaíonn sé nó sí na caighdeáin is airde eitice agus ionracais ar bhonn ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla